Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0124

Leasú ar an Ionstraim Eorpach um Thoghcháin, lena gceadaítear d’Fheisirí vótáil sa suí iomlánach trí sheachvótáil le linn toirchis agus tar éis leanbh a thabhairt ar an saol

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 1976 (06708/2026 – C10-0078/2026 – 2025/0900(APP))

(An nós imeachta reachtach speisialta – toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06708/2026),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 223(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 106a(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (C10-0078/2026),

– ag féachaint do rún reachtach uaithi an 13 Samhain 2025 maidir leis an leasú ar an Ionstraim Eorpach um Thoghcháin, lena gceadaítear d’Fheisirí vótáil i suí iomlánach trí sheachvótáil le linn toirchis agus tar éis leanbh a thabhairt ar an saol[1],

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A10-0123/2026),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an

[1] IO C, C/2026/1667, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1667/ojT.

gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.